Ainm: Rang:

1. Cén cúige ina bhfuil an Mhí? Ciorclaigh!

Uladh

Connacht

Laighean

Mumhan

2. Ciorclaigh Contae na Mí ar an léarscáil thíos.



Foghlaim TG4

3. Cé acu de na ráitis seo a leanas atá ceart faoi chontae na Mí.

Cuir tic le do chuid freagraí

| | |
|---|---|
| Tá teorainn aige le contae ó Thuaisceart na hÉireann | ☐ |
| Tá an dara cósta is giorra in Éirinn ann. | ☐ |
| Aithnítear gurb é an contae is cothromaí é | ☐ |
| Is í Abhainn na Bóinne an abhainn is giorra sa chontae. | ☐ |

4. Cén leasainm atá ar Chontae na Mí?

___________________________________________

5. Cad é mana an chontae?

___________________________________________

6. Meaitseáil na boscaí

| | |
|---|---|
| Ainm sainchomhartha stairiúil na ríthe. | **Caisleán Bhaile Shláine** |
| Cad iad dathanna an chontae? | Glas agus Óir |
| Ainm de shuíomh ceolchoirme cáiliúil? | Sliabh na Caillí |
| Ainm an phointe is airde sa chontae. | Teamhair |

Foghlaim TG4

7. Cé acu díobh seo a leanas an abhainn is faide i gcontae na Mí?
Cuir líne faoi na freagraí cearta

An Bhóinn

An Bhearú

An Bhanna

An Bhríd

**Ceisteanna Dúshláin:**

8. **Cén cineál cluichí a reáchtáladh sa Mhí breis agus 3,000 bliain ó shin?**

___________________________________________

9. **Cén fhad an abhainn is faide i gcontae na Mí?**

___________________________________________

10. **Cad é a chiallaíonn an focal 'An Mhí'?**

___________________________________________

## Tasc Tuisceana:

I gContar na Mí, tá ann d'abhainn, An Ainí an t-ainm atá uirthi, a théann ó Bhaile an Cheanntaigh go dtí an Inse. Tá scéal ann gur chuir Naomh Pádraig mallacht ar an abhainn sin. Ba léir go raibh ocras air an lá áirithe seo agus chaith sé go leor uair an chloig ag iascaireacht san abhainn sa tóir ar bhradán. Ach ní raibh tasc na tuairisc ar éisc ar bith san abhainn sin. Ach mar is eol do chách, caithfidh an duine foighne a dheanamh le hiasc nuair a bhíonn tú ag iascaireacht.

Ach d'imigh na huaireanta le leadráin mar a bheadh scáth mall ann, agus bhí a bholg ag geonaíl cosúil le hainmhí corrach.

Ach ba léir gur éirigh Naomh Pádraig crosta leis an abhainn agus d'éirigh sé ina sheasamh, scaoil sé a racht feirge gur chuir sé a mhallacht ar an abhainn, ag maíomh nach mbeadh bradán ar bith ag snámh san abhainn arís go deo. Rud atá fíor go fóill, ní fhaca duine ar bith bradán san abhainn ariamh anall. Ach sin ráite, tá an abhainn sin lán breac donn sa lá atá inniu ann.

1. Cén cineál éisc a bhí á lorg ag Naomh Pádraig?

_______________________________________________________________

1. Cén fáth a raibh fearg ar Naomh Pádraig leis an abhainn, dar leat?

_______________________________________________________________

2. De réir an údair, cad a theastaíonn ó dhuine agus é ag iascaireacht na habhann seo?

_______________________________________________________________

3. Cad é mar a mhíníonn an scéal rud éigin neamhghnách faoin abhainn?

_______________________________________________________________

4. Ach ba léir gur éirigh Naomh Pádraig crosta leis an abhainn agus d'éirigh sé ina sheasamh, scaoil sé a racht feirge …
   Cén fáth a gceapann tú gur úsáid an t-údar an focal '*scaoil*,' san abairt seo?

_______________________________________________________________

5. An nglactar leis an scéal go litriúil nó mar fhinscéal, i do bharúil? Cén fáth?

_______________________________________________________________

**Tasc Taighde**

1. Sula raibh sé ina chontae, cén aicme a bhí ag Mí in Éirinn?

___

1. Is séadchomhartha cloicheois é Sí an Bhrú atá lonnaithe i gContae na Mí. Cad é a tharlaíonn ar mhaidin ghrianstad an gheimhridh?

___

**Gramadach**
**Sprioc Litearthachta**

| Sprioc: | Samhalacha |
|---|---|
| Brí: | Gléas fileata a chuireann rud amháin i gcomparáid le rud eile ag baint úsáid as na focail 'cosúil' nó 'mar' |
| Sampla 1 | Tá sí chomh hálainn le bláth sa ghairdín |
| Sampla 2 | Rith sé mar a bheadh giorria ann. |
| Sampla 3 | Bhí an seomra chomh ciúin le reilig. |

Scríobh sampla amháin nó níos mó de do chuid féin ag baint úsáide as samhalacha

1. ___
2. ___
3. ___

An féidir leat do dhán féin a scríobh ag baint úsáide as na samhalacha.

Leid: Bain triail as dán a scríobh ag baint úsáid as thart ar cheithre líne in aghaidh an véarsa.


Bain triail as ceann de na roghanna seo a leanas.

Rogha 1 Rí/Banríon Oíche Shamhna ag cruthú an chéad Oíche Shamhna agus ag scaipeadh mí-ádh agus cleasanna ar fud na hÉireann

Rogha 2 Rí/Banríon Oíche Shamhna ag reáchtáil cluichí Oilimpeacha do chréatúir Oíche Shamhna.

Rogha 3 Iompraítear Rí / Banríon Oíche Shamhna dhá chéad bliain chun tosaigh in am, cén chuma a bheadh ar Oíche Shamhna ansin.

Rogha 4 Rí / Banríon Oíche Shamhna agus do smaoineamh cruthaitheach féin.




Foghlaim TG4

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |